# Audi electric kick scooter

## Treoir d'Úsáideoirí



powered by

EGRET

# Ár mbuíochas as cicscútar leictreach Audi a roghnú!

An chéad rud ná eolas a chur ar chicscútar leictreach Audi (a dtugtar an cicscútar air anseo feasta). Léigh na treoracha oibriúcháin seo – go háirithe an rabhadh agus na treoracha sábháilteachta – roimh do chéad turas agus stóráil go cúramach iad don todhchaí. Coimeád an pacáistiú ina bhfuarthas an táirge chomh maith. Is féidir nach ionann an múnla a thaispeántar, ag brath ar an múnla i dtrácht agus ar an leagan easpórtála.

Forchoimeádann Egret an ceart cuma an dearaidh, a chumraíocht agus an teicneolaíocht faoi seach a mhionathrú. Forchoimeádann an monaróir an ceart táirgí a athrú, nuashonruithe ar dhochtearraí a eisiúint agus an lámhleabhar seo a nuashonrú uair ar bith.

Oscail www.my-egret.com nó seiceáil an feidhmchlár do na hábhair úsáide is déanaí.

Gheofar tuilleadh eolais agus Ceisteanna Coitianta ag:
www.my-egret.com/de/FAQ

Branda de chuid
**Walberg Urban Electrics GmbH is ea Egret**
info@my-egret.com
+49 (0) 40 320 270 80
(Luan–Aoine, 8 a.m.–6 p.m.)
Alter Wandrahm 6
20457 Hamburg
An Ghearmáin

**GAEILGE** (Aistriúchán) 02–47

# Clár


| | |
|---|---|
| Rabhadh agus treoracha sábháilteachta | 6–9 |
| Roimh an chéad turas | 9–11 |
| Eolas ginearálta | 11–14 |
| Eolas faoin gcomhshaol | 14 |
| Raon feidhme an tseachadta agus na gcomhpháirteanna | 15–16 |
| Rialuithe agus scáileán | 17 |
| Treoracha cóimeála | 18–20 |
| Oibriú | 21–37 |
| • Meicníocht fillte | 21–27 |
| • Glas | 28 |
| • Luchtú | 29 |
| • An scútar a dhúiseacht agus a mhúchadh | 30 |
| • An cicscútar a dhúiseacht den chéad uair agus an feidhmchlár a íoslódáil | 31 |
| • UAP a shannadh agus an feidhmchlár a chumrú | 32 |
| • An solas a chasadh air agus as | 33 |
| • Luas a mhéadú | 33 |
| • Coscánú | 34 |
| • Leibhéil mharcaíochta | 35 |
| • Adharc | 36 |
| • Roghchlár | 36 |
| • Scáileán | 37 |
| Deilbhíní/míreanna roghchláir eile | 37–38 |
| Leathanach sonraí | 39 |
| Deimhnithe | 40–41 |
| Trádmharc agus fógra dlí/teagmháil | 41–42 |
| Seirbhís roghnach doiciméadaithe | 43 |
| Deimhniú Comhréireachta AE | 44–46 |

# Ná dúisigh an scútar gan an t-eolas seo a léamh ar dtús.

**RABHADH**

Tá faisnéis ar shábháilteacht i dtéacsanna a bhfuil an tsiombail seo orthu. Cuireann siad comhairle ort faoi thionóiscí agus faoi ghortuithe féideartha.

**AIRE**

Tugann téacsanna a bhfuil an tsiombail seo orthu foláireamh duit maidir le damáiste féideartha do d'fheithicil.

**Nóta**

Tá eolas breise i dtéacsanna a bhfuil an tsiombail seo iontu.

**Eolas faoin gcomhshaol**

Tá faisnéis bhreise ar chosaint an chomhshaoil i dtéacsanna a bhfuil an tsiombail seo orthu.

Agus an cicscútar á úsáid agat, léirigh meas i gcónaí ar na rialacháin áitiúla agus ar na treoirlínte agus na dlíthe tírshonracha is infheidhme maidir le húsáid feithiclí i dtrácht ar bhóithre. Ní ghlactar le haon dliteanas ná baránta ar thaobh an mhonaróra mura n-úsáidtear an cicscútar de réir na húsáide atá beartaithe dó agus/nó mura gcomhlíontar treoracha rabhaidh nó sábháilteachta nó má thugtar neamhaird orthu. Baineann sé seo freisin le lochtanna tionóil.

Is feithicil fóillíochta é an cicscútar. Chun an fheithicil a rialú, caithfidh tú cleachtadh a dhéanamh uirthi. Ní féidir le déantóirí Egret ná Audi AG agus Audi a bheith faoi dhliteanas i leith aon ghortaithe ná damáiste a eascraíonn as easpa taithí an taistealaí nó loiceadh na treoracha sa doiciméad seo a chomhlíonadh.

Tuigfidh tú, cé gur féidir leat an baol a laghdú trí gach treoir agus rabhadh sa lámhleabhar seo a leanúint, nach féidir gach baol a chur as an áireamh. Bí ar an eolas gur féidir tú a ghortú de bharr cailleadh rialaithe, imbhuailtí agus titim agus tú ag marcaíocht ar an gcicscútar. Ní mór duit cloí le dlíthe agus rialacháin áitiúla agus tú ag marcaíocht in áiteanna poiblí.

### An úsáid bheartaithe

Tá an cicscútar ceaptha do dhuine amháin (*atá 14 bliana d'aois nó os a chionn agus a bhfuil ualach iomlán 120 kg ann*) ar dhromchla tirim agus cothrom. Chun an riosca gortaithe a laghdú, léigh agus cloígh le gach "**RABHADH**" agus treoracha "**FOLÁIREAMH**" sa doiciméad seo.

# Rabhadh agus eolas sábháilteachta

**RABHADH**

**1. Agus an cicscútar á úsáid agat, tabhair aird i gcónaí ar na rialacháin áitiúla agus ar na treoirlínte agus dlíthe is infheidhme a bhaineann go sonrach le tír maidir le húsáid feithiclí i dtrácht ar bhóithre.** Mar is amhlaidh le feithiclí eile, bíonn fad coscánaithe níos faide de dhíth i gcás luasanna níos airde. Má dhéantar coscánú go tobann ar dhromchlaí ar bheagán greim (lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, bóithre fliucha. Ná húsáid an fheithicil ar shneachta, ar dhromchlaí bóithre lábacha nó oighreata nó ar dhromchlaí bóthair atá sleamhain in aon slí. Má dhéantar amhlaidh, d'fhéadfadh cothromaíocht nó greim a chailleadh, agus d'fhéadfá féin titim. Bí cúramach agus coinnigh fad sábháilte i gcónaí idir tú féin agus daoine nó feithiclí eile agus tú ag marcaíocht.

Bí ar an airdeall. Bí ag féachaint chun tosaigh agus ar an spás díreach os comhair do chicscútair. Bí ag faire amach do rudaí a d'fhéadfadh tú a chur i mbaol agus athraigh do luas de réir mar is gá.

**RABHADH**

2. Oiriúintí agus páirteanna spártha a úsáid

- Ná húsáid ach oiriúintí agus páirteanna spártha (soláthraithe) atá ceadaithe ag Egret agus an luchtaire bunaidh, agus iad ar fad i riocht maith teicniúil.
- Ná hathraigh rud ar bith ar do chicscútar. Má dhéantar aon athrú, mionathrú teicniúil nó amhairc, nó má chuirtear isteach ar na socruithe leictreonacha nó ar na bogearraí, is féidir go gcuirfear deireadh láithreach leis an gceadúnas oibriúcháin, an baránta nó éilimh eile in aghaidh an mhonaróra.
- Caithfear sreanga, cáblaí nó comhpháirteanna damáistithe eile a athsholáthar láithreach.

  Is féidir le comhpháirteanna lochtacha nó neamhbhunaidh agus mionathruithe teicniúla eile beatha agus sláinte a chur i mbaol agus d'fhéadfadh gortú, turraing leictreach, dóiteán, teip ar chomhpháirt nó tionóisc leanúint astu.
- Ná cuir lámh ar an gcóras coscánaithe de bhrí gur comhpháirt sábháilteachta é seo agus d'fhéadfadh gortú leanúint as má chliseann air.

**RABHADH**

**3.** Tar éis an chéad 50 km, seiceáil arís go bhfuil gach nasc boltáilte – go háirithe ar an meicníocht fillte agus acastóirí rotha – suite go daingean agus níos doichte de réir mar is gá. Is féidir le cliseadh feidhmiúil nó droch-thionóisc a bheith mar thoradh ar cheangail bholtáilte scaoilte.

**RABHADH**

4. Obair chothabhála a dhéanamh

- Sula ndéantar aon obair chothabhála nó ghlantacháin, ar an gcicscútar, caithfear an scútar a mhúchadh agus a dhícheangal ón aonad soláthar cumhachta. Mura ndéanann, d'fhéadfá turraing leictreach a fháil.
- Ná dírigh scaird chumhachtach uisce (m.sh. glantóir ardbhrú) go díreach ar an gcicscútar riamh. D'fhéadfadh uisce dul isteach sna comhpháirteanna agus damáiste a dhéanamh do na páirteanna leictreonacha. Is féidir le huisce sa cheallra a bheith ina chúis le turraing leictreach. Ina ionad sin, glan an cicscútar le héadach tais.
- Ní ceadmhach do leanaí súgradh leis an gcicscútar ná leis na comhpháirteanna a bhaineann leis agus níl cead ag leanaí aon obair ghlantacháin nó chothabhála a dhéanamh ina leith seo.

**RABHADH**

**5.** Coimeád an pacáistiú (plaisteach agus cairtchláir) amach ó leanaí. D'fhéadfadh leanaí na hábhair nó codanna díobh a shlogadh siar agus d'fhéadfaí iad a phlúchadh.

**RABHADH**

**6.** D'fhéadfaí na pointí seo difear a dhéanamh do shábháilteacht an taistealaí agus is féidir go leanfaidh titim agus tionóisc mura gcomhlíontar iad:

- NÁ cuir do chosa ar an gcosaint chúil.
- NÁ taistil ar an scútar ar leathchois.
- Féach nach ndéanann na boinn/rotha teagmháil le haon bhac.
- Ísligh do cheann agus tú ag taisteal faoi dhoirse oscailte.
- Ná téigh níos tapúla ná idir 5 agus 10 km/u thar imill ardaithe, uchtóga, bóithre neamhchothroma nó aon dromchla neamhchothrom eile. Lúb do ghlúine agus tú ag taisteal ar na dromchlaí thuas.
- NÁ bain do lámh de na hanlaí agus tú ag taisteal.
- NÁ taistil le lámh amháin.

**RABHADH**

**7.** NÁ leag do lámh ar an inneall ná ar na dioscaí coscáin tar éis taisteal, ar eagla dó.

**Nóta**

**8.** Ná lig d'aon duine eile do chicscútar a úsáid go neamhspleách, gan an lámhleabhar seo a léamh ar dtús. Is ortsa atá an cúram as sábháilteacht an tiománaí nua. Cabhraigh le tiománaithe nua go dtí go mbíonn siad ar a gcompord le bunfheidhmeanna an chicscútair. Féach chuige go gcaitheann gach tiománaí clogad agus trealamh cosanta eile.

# Sula dtéann tú amach (den chéad uair)

**RABHADH**

1. Seiceáil an fheithicil ag deireadh gach turais.

- Féach an bhfuil aon cheanglóir scaoilte ann nó aon chomhpháirt dhamáistithe. Má éiríonn scriú scaoilte, is féidir leis bheith ina chúis le tionóisc nó gortú tromchúiseach.
- Seiceáil an mheicníocht fillte, thar aon ní eile. Caithfidh sé seo a bheith dúnta gan aon scaoileadh ann. Ná taistil riamh agus an luamhán fillte nó glas sábháilte na meicníochta fillte ar oscailt. Mura bhfuil sé dúnta i gceart, d'fhéadfadh an cicscútar titim as a chéile agus tú ag taisteal, agus d'fhéadfá titim.
- Féach chuige i gcónaí roimh gach turas go mbíonn an taobhsheastán fillte go hiomlán. Féach chuige go bhfuil na boinn i riocht maith agus go bhfuil siad teannta go dtí an brú aeir ceart roimh gach turas. Caithfidh an brú aeir a bheith idir 2.2 agus 3.0 bar. Má tá an brú aeir ró-íseal, beidh méadú ar fhrithchuimilt na mbonn, a fhágann nach mbeidh tú in ann dul chomh fada céanna.
- Féach chuige go bhfuil na coscáin ag feidhmiú go hiomlán.
- Roimh gach turas, féach chuige go bhfuil an córas soilsithe iomlán agus na táscairí

ag obair i gceart. Las an solas luath go leor má bhíonn sé dorcha. Mura ndéanann, b'fhéidir nach bhfeicfí thú.

• Stop láithreach má dhéanann an cicscútar aon torann neamhghnách, má fheictear teachtaireacht earráide ar an scáileán nó má tharlaíonn aon locht eile. Déan teagmháil leis an díoltóir/soláthraí chun seirbhís a fháil.

**RABHADH**

**2.** Cloígh leis na treoracha sábháilteachta seo a leanas i gcónaí:

• Níor chóir do na daoine seo a leanas an cicscútar a úsáid:

– Duine ar bith atá faoi thionchar alcóil nó drugaí.

– Duine ar bith atá i riocht a fhágann go mbeadh sé i mbaol dá ndéanfadh sé tréanghníomhaíocht fhisiciúil.

– Beirt nó níos mó.

– Duine ar bith a bhfuil fadhb aige le cothromaíocht nó le scileanna luaile a chuirfeadh isteach ar a chumas a chothromaíocht a choimeád.

– Duine ar bith a mheánn níos mó ná 120 kg d'ualach uasta (féach na sonraí teicniúla). Ní féidir an scútar a láimhsiú i gceart má tá an iomarca meáchain air. Is féidir caitheamh méadaithe agus tuirse mhiotail roimh am a bheith mar thoradh ar strus méadaithe ar an ábhar.

– Mná torracha.

• Caithfidh tiománaithe faoi 18 mbliana a bheith faoi mhaoirseacht duine fásta. Cloígh leis an aois íosta de réir na reachtaíochta áitiúla agus an scútar á úsáid in áiteanna poiblí – is féidir go mbraithfidh sé seo ar an tír úsáide. Ina theannta sin, molann an monaróir go mbíonn tiománaithe an chicscútair os cionn 14 bliana d'aois chun an cicscútar a úsáid in áit phríobháideach (áit nach bhfuil aon aois íosta i bhfeidhm).

• Chun taisteal go sábháilte, caithfidh tú a bheith in ann gach rud atá romhat a fheiceáil agus caithfidh tusa a bheith le feiceáil ag daoine eile.

• Níl cead léim thar bhaic nó ó cholbhaí ná ó staighre. Tá cosc ar gach cineál cleasa agus éachtaí. Cuireann a leithéid ualach as an ngnáth ar an bhfeithicil agus is féidir go dteipfeadh ar chomhpháirt dá bharr sin. Iompair do scútar thar aon bhac den sórt sin.

• Níl an cicscútar oiriúnach le hualaí a iompar.  Thar aon ní eile, níor chóir ualaigh a cheangal de na hanlaí.

**Nóta**

**3.** Luchtaigh an cicscútar leis an luchtaire a sholáthraítear leis sula n-úsáideann tú an scútar den chéad uair. Tugtar cuntas ar an ngnás sin sa roinn "Luchtú" (lch. 28).

**Nóta**

**4.** Íoslódáil feidhmchlár Egret sula ndúisíonn tú do chicscútar den chéad uair. Tugtar cuntas ar conas é seo a dhéanamh sa roinn "An cicscútar a dhúiseacht den chéad uair agus an feidhmchlár a íoslódáil" (lch. 30).

**Nóta**

**5.** Ná bain triail as an scútar den chéad uair in áit ina bhféadfá casadh ar leanaí, coisithe, feithiclí, ainmhithe, rothaithe nó aon bhac nó contúirt fhéideartha eile. Is féidir le greim na scóige a bheith an-íogair ag na luasanna is airde. Cuimhnigh gur féidir leat do chothromaíocht a chailleadh má oibríonn tú an scútar go tapa nó go tobann. Mar sin, oibrigh é go socair réidh, agus cuir eolas ar na feidhmeanna taistil uile agus ar na leibhéil oibriúcháin. Bog do mheáchan beagán chun tosaigh agus tú ag méadú do luais agus siar agus tú ag coscánú. Sin an tslí le bheith socair agus i gceannas agus tú ag taisteal.

# Ginearálta

**RABHADH**

**1.** Níor cheart ach do cheardlann údaraithe na ceallraí atá suiteáilte sa chicscútar a thógáil amach nó a athsholáthar. Níor cheart an ceallra a bhaint ó chéile. Ná druileáil isteach sa cheallra nó féach lena scrios ar shlí ar bith eile. Má dhéanann, d'fhéadfadh sé lasadh as féin agus pléascadh.  Is féidir an craiceann nó na súile a dhó má bhíonn teagmháil acu le ceallra ian-litiam.

**AIRE**

**2.** Ná húsáid an cicscútar nuair a bhíonn an teocht faoi bhun 0°C nó os cionn 40°C. Is féidir le teochtaí an-ard agus an-íseal dochar a dhéanamh don chóras leictreonach agus don chóras meicniúil. Laghdaítear an raon, an torc agus an luas deiridh is ísle, agus cuirtear ualach méadaithe ar an inneall agus ar an gcóras leictreonach má úsáidtear an cicscútar agus an teocht faoi bhun 10°C agus os cionn 40°C, nó ar chlaontaí nó má chuirtear ualach trom air.

**AIRE**

### 3. An ceallra a choimeád i riocht maith

- Caithfear cicscútar atá gan luchtú a luchtú láithreach tar éis tuirlingt de. Mura ndéanann, d'fhéadfadh locht nach féidir a leigheas (díluchtú domhain) nó ala seirbhíse atá laghdaithe go mór tarlú. Ní chlúdóidh baránta ná ráthaíocht é seo.
- Is fearr, más féidir, do scútar a luchtú taobh istigh i dtimpeallacht thirim agus ag teocht measartha ar dhromchla atá díonach ar thine agus neamhsheoltach.
- Caithfear an t-aonad soláthar cumhachta a cheangal den soicéad leictreach ar an gcéad dul síos, agus ansin den chicscútar.
- Ná fág an t-aonad soláthar cumhachta ceangailte den scútar ar feadh níos mó ná 24 uair an chloig. Má dhéanann, d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don chóras leictreonach nó don aonad soláthair cumhachta.
- Ná luchtaigh do chicscútar má tá an luchtaire, an soicéad leictreach nó an soicéad luchtaithe fliuch.
- Faoi mar a dhéanfá le gach gléas leictreonach eile, úsáid teorantóir borrtha fad a bhíonn tú ag luchtú do chicscútair ar eagla damáiste ó ró-ualach nó buaic voltais.
- Ná húsáid aon luchtaire ach amháin an ceann a sholáthraíonn Egret. Ná húsáid múnla eile luchtaire.
- Caithfidh an cicscútar a bheith luchtaithe 50% ar a laghad sula stóráiltear é. Stóráil an cicscútar ag teocht an tseomra (22°C) in áit thirim amach ó sholas díreach na gréine.
- Luchtaigh an scútar gach 60 lá ar a laghad, go 50–75%, chun díluchtú domhain a sheachaint. Cailleann ceallraí a luchtú gach lá nuair nach mbíonn siad in úsáid. Má theipeann ort an scútar a luchtú mar a threoraítear, d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do shaol na gcomhpháirteanna leictreacha agus meicniúla, agus d'fhéadfadh cliseadh na gcomhpháirteanna sin a bheith mar thoradh air. Ní chlúdóidh baránta ná ráthaíocht é seo.

**Nóta**

### 4. An cicscútar a scrúdú agus a ghlanadh

Seiceáil agus glan do chicscútar gach uair a úsáideann tú é – go háirithe tar éis turas fada. Sin an t-aon slí le fadhbanna mar scriúnna scaoilte, pillíní coscáin caite nó boinn chaite a thabhairt faoi deara go luath.

- Ina theannta sin, seiceáil an fráma, an forc, an mheicníocht fillte, na páirteanna ceangailte agus gach páirt ghluaisteach.

- Is féidir faobhar a chur ar an scútar má úsáidtear go mícheart é (m.sh. as teagmháil a dhéanamh leis an gcolbha). Líomh aon fhaobhar a luaithe a thugann tú faoi deara é.
- Úsáid scuab bhog, spúinse bog leath-thais agus éadach tirim le do chicscútar a ghlanadh.
- Ná nigh do chicscútar le halcól, peitreal, aicéatón ná aon tuaslagach creimneach/so-ghalaithe eile. D'fhéadfadh na substaintí seo damáiste a dhéanamh don taobh amuigh agus don struchtúr laistigh den chicscútar.

**Nóta**

**5.** Ní thugann an scútar dóthain cobhsaíochta, go háirithe ar chnoic i bpáirceanna nó ar shráideanna a théann suas nó síos go géar, chun tú a chosaint ar ghortú.
Ná páirceáil an scútar riamh agus é ag díriú síos cnoc, de bhrí go bhféadfadh an seastán dúnadh, agus an scútar titim go talamh. Seiceáil cobhsaíocht an scútair a luaithe atá sé ar a sheastán chun bheith cinnte nach dtitfidh sé (de bharr sleamhnú, gaoithe nó tonnchreathanna beaga). Ná páirceáil an scútar in áit ghnóthach, is fearr é a pháirceáil feadh balla foirgnimh.

**Nóta**

**6.** Caith bróga láidre agus clogad agus tú ag taisteal ar an gcicscútar. Úsáid an clogad rothair nó clárscátála ceadaithe, ceann a bhfuil smigiris air agus a chosnaíonn cúl an chloiginn chomh maith.

**Nóta**

**7.** Léirigh meas ar choisithe tríd an tslí a ghéilleadh dóibh i gcónaí. Féach chuige nach gcuireann tú eagla ar choisithe. Agus tú ag teacht suas chuig coisí atá ag siúl romhat, déan torann íseal agus laghdaigh do luas ionas go ngabhann tú thar an duine ar luas siúil. I gcásanna eisceachtúla, cloígh le rialacha agus rialacháin tráchta an cheantair.

**Nóta**

**8.** In áiteanna atá lasmuigh den dlí, lean na treoracha sábháilteachta atá leagtha amach sa lámhleabhar seo. Ní bheidh díoltóirí Egret ná Audi AG agus Audi faoi dhliteanas as aon damáiste do mhaoin, gortú pearsanta/bás, timpiste nó díospóid dhlíthiúil a eascraíonn as sárú ar an rabhadh nó ar na treoracha sábháilteachta.

**Nóta**

9. Ionas go mbeidh an tsraithuimhir faoin lámh agat ar eagla go mbeadh seirbhísiú de dhíth, scríobh í ar an leathanach seirbhíse sa lámhleabhar seo. Tá an tsraithuimhir le fáil ar thaobh tosaigh an scútair, ar dheis an chláir coise. Féach chuige i gcónaí go mbíonn an tsraithuimhir ar an scútar i gcónaí agus go bhfuil sé inléite.

# Eolas faoin gcomhshaol

**Eolas faoin gcomhshaol**

Cuireann tú le soghluaisteacht ar astaíochtaí ísle, nuair a thaistealaíonn tú ar chicscútar. Agus do scútar leictreach á dhiúscairt agat, féach chuige go ndiúscraítear gach páirt chomh maith leis an bpacáistiú agus na míreanna aonair ar an tslí cheart, agus tabhair chuig pointí athchúrsála oiriúnacha más féidir. Ní ceadmhach na ceallraí ná an córas leictreonach atá sa phacáiste ceallraí a dhiúscairt mar dhramhaíl tí agus caithfidh gairmithe iad a dhiúscairt trí chuideachta diúscartha cheadaithe, saoráid diúscartha dramhaíola cathrach nó do dhíoltóir.

# **Raon an tseachadta** Cicscútar leictreach Audi


DEIMHNIÚ SONRAÍ



LÁMHLEABHAR AN ÚINÉARA




TREOIR MHEARTHOSAIGH




OIRIÚINTÍ

Dhá uirlis



Súilín glasála



Cuibheoir teannaidh boinn



Luchtaire



CICSCÚTAR




Agus do chicscútar á dhíphacáistiú agat, seiceáil go bhfuil gach ceann de na míreanna thuas san áireamh sa phacáiste. Má tá aon chomhpháirt in easnamh, cuir scéala chuig do dhíoltóir/sholáthraí nó chuig an ionad seirbhíse is gaire duit (féach "Teagmháil", lch. 41). Nuair atá tú sásta go bhfuil gach comhpháirt agat agus iad i riocht maith, is féidir leat do chicscútar nua a chur le chéile. Coimeád an bosca agus an pacáistiú ar eagla go mbeidh ort é a chur sa phost uair éigin amach anseo. Cuimhnigh ar an gcicscútar a mhúchadh agus an cábla cumhachta a dhícheangal sula dtosaíonn tú á chur le chéile, ag cur na n-oiriúintí air agus ag glanadh an phríomhfhráma.

# **Comhpháirteanna** Cicscútar leictreach Audi




**1** Feadán stiúrtha
**2** Meicníocht fillte
**3** Coscán tosaigh
**4** Glas sábháilteachta
**5** Taobhsheastán
**6** Clár coise
**7** Coscán cúil
**8** Solas cúil
**9** Crúca oiriúna
**10** Cnaipí rialaithe
**11** Adharc agus frithchaiteoir
**12** Scáileán
**13** Greim scóige
**14** Solas tosaigh
**15** Luamhán coscáin do choscán an rotha cúil
**16** Luamhán coscáin do choscán an rotha tosaigh

# Rialuithe agus scáileán










**1** Cnaipe Air/As

**2** Adharc

**3** Cnaipe móide

**4** Cnaipe lúide

**5** Luasmhéadar

**6** Míleáiste iomlán (ODO)

**7** Míleáiste turais (TRIP)

**8** Leibhéal luchtú an cheallra

**9** Mód taistil

**10** Solas air

**11** Nasc gan sreang


**12** Earráid


**13** Mód coisí

# Treoracha cóimeála


**1.** Fill suas an rollóir (féach "**Meicníocht fillte**", lch. 20).

**2.** Bain an cosantóir cábla. Níl aon fheidhm aige seo ach amháin an cicscútar a sheoladh leis an bpost.





3. Feistigh an hanla (A) ar an bhfeadán stiúrtha (B), agus bí cúramach nach bhfáisceann tú na cáblaí. Caithfidh an cruimhscriú réamhshocraithe (D) a bheith i líne dhíreach leis an eitre (E). Cinntíonn sé seo go mbeidh an hanla feistithe san áit cheart. Brúigh an hanla isteach san fheadán stiúrtha go dtí go mbeidh an chuid chuarach den fheadán (C) brúite go hiomlán isteach sa hanla (A).




*Taispeánann na pictiúir seo léiriú simplithe den chicscútar ar mhaithe le soiléire níos fearr.

4. Teann an dá scriú (**F**) de láimh (6 Nm).





**RABHADH**

**Riosca de bharr ceangal scaoilte scriú!**
Mura gcuirtear an scútar le chéile i gceart agus na scriúnna a theannadh i gceart, is féidir le scriúcheangail éirí scaoilte. Is féidir titim nó tionóisce a bheith agat i gcás mar sin.


# An mheicníocht fillte

An scútar a dhífhilleadh

1. Brúigh an luamhán fillte (H) i dtreo an chláir coiste chun an glas a scaoileadh.




2. Dífhill an scútar go dtí go gcloiseann tú agus go bhfeiceann tú an luamhán fillte (H) den mheicníocht fillte ag cliceáil go daingean isteach ina áit. Tá an scútar i gcéim ghlasála 1.



## An scútar a dhífhilleadh

**3.** Brúigh an luamhán fillte (**H**) chun tosaigh i dtreo an hanla go dtí go mbíonn sé ina luí go hiomlán in aghaidh an chuais ar an gclár coise. Tá an luamhán fillte (**H**) glasáilte go daingean anois (dúnta). Tá an scútar i gcéim ghlasála **2**.

**Ar oscailt**



**Dúnta**




**4.** Dún an glas sábháilteachta (**G**) trína tharraingt amach beagán agus é a chasadh 90°. Féach chuige go bhfuil an glas i bhfeidhm go hiomlán (dúnta). Tá an scútar i gcéim ghlasála **3** anois.



Glas sábháilteachta

Ar oscailt




Dúnta




**⚠ RABHADH**

**Baol titime!**

Ni bhíonn an mheicníocht fillte dúnta i gceart go dtí go mbíonn an luamháin fillte (**H**) den mheicníocht fillte ina luí go hiomlán in aghaidh an chláir coise. Ina theanta sin, caithfidh an glas sábháilteachta (**G**) a bheith dúnta gach uair a úsáidtear an scútar. Féach chuige go bhfuil an mheicníocht fillte glasáilte go hiomlán agus go maith i gcéim ghlasála 3 roimh gach turas. Mura féidir an mheicníocht fillte nó cuid di a dhúnadh i gceart, , cuir scéala chuig ár roinn Seirbhíse láithreach.


**An mheicníocht fillte a choigeartú**

Má tá an mheicníocht fillte scaoilte ar chor ar bith, ní mór í a athrú.
Baineann a scaoilte atá sí leis an bhfriotaíocht sa luamhán titime.
Is féidir an fhriotaíocht sa luamhán fillte a athrú ar an gcicscútar tríd an gcnó foirbthe atá chun tosaigh ar an scútar. Caithfear an cnó seo a sheiceáil roimh gach turas agus é a athrú más gá. Caithfear an cnó a shocrú fad a bhíonn an luamhán fillte ar oscailt agus de láimh amháin – gan uirlis a úsáid – ionas gur féidir an luamhán fillte a dhúnadh de láimh i gcónaí,



## Luamhán clampa an hanla a athrú


Is féidir an fhriotaíocht i luamhán clampa an hanla a athrú ar an gcicscútar tríd an gcnó foirbthe sa chuid uachtarach den fheadán stiúrtha. Caithfear an cnó a shocrú roimh gach turas. Caithfear an cnó a shocrú agus an luamhán clampa ar oscailt agus de láimh amháin – ná húsáid uirlis riamh – ionas gur féidir an luamhán clampa a dhúnadh de láimh i gcónaí. Féach chuige go bhfuil an feadán stiúrtha clampáilte ina áit ionas nach féidir leis titim gan choinne.




An scútar a fhilleadh suas

1. Tarraing amach an glas sábháilteachta (**G**) á chasadh 90° ionas go mbíonn sé ag gobadh amach (ar oscailt).




2. Tarraing an luamhán fillte (H) siar amach ón treo taistil.





3. Lean ort ag brú an luamháin fhillte (H) i dtreo an chláir coise go dtí go bhfilleann an scútar. Beir ar an gcicscútar leis an bhfeadán stiúrtha agus brúigh an hanla chun tosaigh beagán, más gá.



4. Fill an scútar go dtí go gcloistear cliceáil sa ghlas.





4.1 Tá an scútar fillte suas anois agus is féidir é a iompar leis an bhfeadán stiúrtha.



# Glasáil


Tá glas leath-chomhtháite sa chicscútar. Tá an glas scriúáilte de thaobh an fhráma le scriúnna sábháilteachta.



Is féidir leat an súilín glasála a sholáthraítear duit a úsáid le gnáthghlas rothair. Nó, is féidir an glas a úsáid leis an **"Egret mate by tex-lock"** (nach mbíonn san áireamh sa seachadadh). Tá cód ceithre dhigit ag an eochair. Déan nóta den chód seo ar an gcárta a thugtar duit agus coimeád sábháilte é. Má chailltear é, is féidir eochair nua a ordú ar ár bhfoirm seirbhíse.

# An scútar a luchtú

1. Ceangail an luchtaire don soicéad leictreach
2. Díchas an chaidhp chosanta den soicéad luchtaithe (K). Tá soicéad luchtaithe an scútair (K) suite chun tosaigh ar an taobh deas den chlár coise
3. Agus an cicscútar múchta, ceangail an cábla den scútar




4. Iompaíonn an LED ar an aonad soláthair cumhachta dearg nuair a thosaíonn an luchtú
5. Iompaíonn an LED ar an aonad soláthair cumhachta glas nuair a bhíonn an luchtú déanta
6. Dícheangal an cábla luchtaithe den chicscútar
7. Dún an chaidhp chosanta chun an soicéad luchtaithe a chosaint ar steallóga uisce
8. Dícheangail an luchtaire ón bpríomhshruth

**Nóta**

**Sula n-úsáideann tú an cicscútar den chéad uair, caithfear an ceallra a luchtú go hiomlán leis an aonad soláthair cumhachta a chuirtear ar fáil leis. Dún an chaidhp poirt luchtaithe mura bhfuil an cicscútar á luchtú.**

**Mód suain**
Tá an mód suain ar fáil leis an gceallra ian-litiam. Úsáidtear an fheidhm seo chun an ceallra a chosaint ar dhíluchtú domhain. Má tá an scútar sa mhód suain, ní féidir é a dhúiseacht mar is gnách tríd an gcnaipe **"Air/As" a bhrú**. Chun an scútar a mhúscailt as an mód suain, ceangail an luchtaire ar feadh thart ar 15 shoicind.
Beidh an scútar réidh ansin le húsáid arís mar is gnách.

Cloígh leis na treoracha chun an ceallra a chosaint, atá tugtha ar lch 12, mar ní féidir a ghealladh nach ndéanfar díluchtú domhain le linn an mhóid suain.

Gníomhaítear mód suain de réir leibhéal an cheallra.
Seo iad na leibhéil:

Leibhéal an luchtaithe: **80%–100%, nó mód suain**

Leibhéal an luchtaithe: **40%–80%, mód suain tar éis 30 lá**

Leibhéal an luchtaithe: **20%-40%, mód suain tar éis 7 lá**

Leibhéal an luchtaithe: **Faoi bhun 20%, mód suain tar éis 48 n-uair an chloig**

# Dúiseacht agus múchadh




**An córas a dhúiseacht**
Chun an scútar a dhúiseacht, brúigh an **cnaipe "Air/As"** (**L**) go ceann dhá shoicind nó mar sin.


**An scútar a mhúchadh**
Chun an scútar a mhúchadh, brúigh an **cnaipe “Air/As”** (**L**) go ceann dhá shoicind nó mar sin.

# An cicscútar a dhúiseacht den chéad uair agus an feidhmchlár a íoslódáil

Íoslódáil **feidhmchlár Egret*** sula ndúisíonn tú an cicscútar den chéad uair.

Download on the App Store

GET IT ON Google Play




Ansin cruthaigh cuntas My-Egret. Nuair a bheidh an cuntas deimhnithe, lean na treoracha san fheidhmchlár chun é a nascadh leis an gcicscútar. Dúisigh an scútar.

* Ní gá an feidhmchlár a úsáid chun an cicscútar a dhúiseacht. Mar sin féin, tugann sé gnéithe breise duit.
Níl an feidhmchlár ar fáil i ngach tír

# UAP a shannadh agus an feidhmchlár a chumrú

Tar éis duit do chicscútar a dhúiseacht den chéad uair, iarrfar ort do **UAP ceithre dhigit** féin a shocrú. Bladhmann leagan amach reatha na ndigití san UAP. Brúigh an **cnaipe "Móide" nó an cnaipe "Lúide"**chun an uimhir a athrú. Brúigh an **cnaipe "Air/As"** chun bogadh go dtí an chéad uimhir eile.
Tar éis d'UAP pearsanta ceithre dhigit a chur isteach, brúigh an **cnaipe "Air/As"**.
Bladhmfaidh na huimhreacha anois mar fhíorú. Brúigh an **cnaipe "Air/As"** arís chun an UAP a dheimhniú. Brúigh an **cnaipe "Móide" nó "Lúide"** chun dul siar chuig an gcéad digit agus an UAP a athrú.




Tá an UAP seo stóráilte i do chicscútar anois. Cuimhnigh ar an UAP agus coinnigh in áit shábháilte é. Beidh an UAP de dhíth ort chun do scútar a ghlasáil agus chun an roghchlár a úsáid.


### An feidhmchlár a chumrú

Tar éis an UAP a chur isteach den chéad uair, téann an cicscútar isteach i mód péireála go huathoibríoch ar feadh cúig nóiméad. Díghníomhaíonn an mód seo tar éis cúig nóiméad nó nuair a athdhúisítear an cicscútar. Is féidir leat an modh péireála a ghníomhachtú am ar bith ón roghchlár mar a thuairiscítear ar leathanach 37.
Nuair a bhíonn an scútar péireáilte leis an bhfeidhmchlár, lasann an deilbhín raidió gorm suas.

### An UAP á athshocrú

Má tá dearmad déanta agat ar do UAP, is féidir leat é a athshocrú. Chun seo a dhéanamh, plugáil an scútar isteach ina luchtaire agus dúisigh an scútar. Ansin brúigh na cnaipí "Móide" agus "Lúide". Coimeád an meascán uimhreacha seo síos ar feadh deich soicind. Is féidir UAP nua a shocrú do do chicscútar ansin.

# An solas a lasadh agus a mhúchadh




**An solas a lasadh**


Chun an solas ar an scútar a lasadh brúigh **an cnaipe "Air/As"** (**L**) go ceann 0.5 soicind nó mar sin.


**An solas a mhúchadh**

Chun an solas ar an scútar a mhúchadh brúigh **an cnaipe "Air/As"** (**L**) go ceann 0.5 soicind nó mar sin.

# An luas a luasghéarú

Brúigh an scóig (**M**) anuas go mall le d'ordóg chun an luas a luasghéarú. Dá méad a bhrúnn tú an scóig, is ea is tapúla a rachaidh an scútar – dá laghad a bhrúnn tú an scóig, is ea is moille a mhéadóidh luas an scútair.




Chun an cicscútar a bhogadh, caithfidh tú **é a bhrú le luas 3 km/u a shroicheadh**.
Ní chasann an mótar air go dtí go sroicheann tú an luas seo.


# Na coscáin

### An coscán tosaigh

Tarraing an luamhán coscáin clé (**N**) chun an coscán diosca tosaigh a úsáid chun an scútar a mhoilliú.

### An coscán cúil

Tarraing an luamhán coscáin deas (**O**) chun an coscán diosca cúil a úsáid chun an scútar a mhoilliú.




**RABHADH**

**Baol agus na coscáin á dtarraingt!**

**D'fhéadfadh na rothaí tosaigh agus/nó cúil glasáil má tharraingíonn tú na coscáin go tobann. Is féidir le titim agus tionóiscí ina ndéantar mórghortú don chorp agus do mhaoin leanúint as sin.**

# Leibhéal taistil

**Trí leibhéal taistil**

Leibhéal 1 (**ECO**): An raon uasta i mód spárála fuinnimh
Leibhéal 2 (**TOUR**): An compord uasta i mód cothromaithe
Leibhéal 3 (**SPORT**): An spraoi is mó i mód spórtúil

Taispeántar an mód taistil roghnaithe i lár an scáileáin:




**Dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal taistil eile**
Chun dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal taistil eile, brúigh an **cnaipe "Móide"** (**P**). Rachaidh do scútar ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile.

**Dul siar go dtí an chéad leibhéal taistil eile**
Chun dul siar go dtí an chéad leibhéal taistil eile, brúigh an **cnaipe "Lúide"** (**Q**). Rachaidh do scútar siar go dtí an leibhéal deiridh.



## Adharc

Chun an adharc a úsáid,
brúigh an **cnaipe "Adharc"** (**R**).





## Roghchlár

Chun dul chuig an roghchlár, brúigh na cnaipí **"Móide"** (**P**) agus **"Lúide"** (**Q**) ag an am céanna go ceann dhá shoicind nó mar sin. Cuirtear an UAP isteach mar a mhínítear in **"An Egret a dhúiseacht den chéad uair agus UAP a shannadh"** (féach lch. 31).




**Nascleanúint sa roghchlár**
Chun an cúrsóir a bhogadh go dtí an chéad mhír eile den roghchlár, brúigh an **cnaipe "Air/As"** (**L**).




**Dul amach as an roghchlár (na socruithe a shábháil)**
Chun dul amach as an roghchlár agus do shocruithe  a shábháil. Brúigh na cnaipí **"Móide"** (**P**) agus **"Lúide"** (**Q**) ag an am céanna go ceann dhá shoicind nó mar sin. Mura mian leat athruithe ar na socruithe a shábháil, is féidir leat an scútar a athdhúiseacht tríd an gcnaipe **"Air/As" a bhrú** (**L**).

# Scáileán

**Luasmhéadar**
A luaithe a dhúisítear an scútar, bíonn an luas reatha le feiceáil (S).

**Míleáiste (ODO/TRIP)**
Faoi bhun an luasmhéadair, gheofar an míleáiste iomlán (**T**).

Chun athrú idir an míleáiste iomlán (**ODO**) agus míleáiste an turais (**TRIP**), brúigh an cnaipe **"Móide"** (**P**) go ceann dhá shoicind nó mar sin.

Chun míleáiste an turais a athshocrú


(**TRIP**) , brúigh an cnaipe **"Lúide"** (**Q**) go ceann dhá shoicind nó mar sin.

**Stádas an cheallra**
Taispeántar stádas an cheallra (**U**) faoin mhíleáiste.




# Siombailí eile

**Nóta**




**Earráid**
Bíonn an rabhadh seo le feiceáil ar an scáileán nuair a tharlaíonn earráid. Déan teagmháil lenár roinn Seirbhíse ag www.my-egret.com

# Míreanna an roghchláir

| | |
|---|---|
| **SET1: Glas UAP air/as** | Chun an glas UAP a ghníomhachtú, brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide".** |
| **SET2: Athraigh an UAP** | Brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide"** chun an mód athraithe a ghníomhachtú. Is féidir na huimhreacha a athrú ar an tslí chéanna agus nuair a dhúisigh tú an scútar den chéad uair (féach lch. 31). |
| **SET3: cm/u nó msu** | Chun athrú idir km/u agus msu, brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide".** |
| **SET4: Péireáil Bluetooth** | Chun péireáil Bluetooth a ghníomhachtú, brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide"**. Bíonn an phéireáil gníomhach ar feadh cúig nóiméad.<br>**Tabhair faoi deara:** Díghníomhaítear mód péireála Bluetooth nuair a fhágann tú an roghchlár socruithe. |
| **SET5: Bluetooth air/as** | Socrú monarchan: Tá comhéadan Bluetooth gníomhach. Brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide"** chun Bluetooth a mhúchadh. |
| **SET6: Gile an scáileáin** | Nuair a mhúchtar an solas, socraítear an ghile ag **100%** go caighdeánach. Má lasann tú an solas, íslíonn gile an scáileáin go huathoibríoch. Sa roghchlár, is féidir solas an scáileáin a athrú. Brúigh an **cnaipe "Móide"** chun gile an scáileáin a mhéadú agus an **cnaipe "Lúide"** chun gile an scáileáin a laghdú.<br><br>**Tabhair faoi deara:** Caithfear an solas a ghníomhachtú sula n-athraítear an socrú. Seo an t-aon slí leis an leibhéal gile atá socraithe a fheiceáil. |
| **SET7: Mód coisí** | Tá mód coisí ag an scútar. Gníomhachtaigh an mód chun gur féidir leis an scútar oibriú ar luas siúil. Brúigh an cnaipe **"Móide"** nó **"Lúide"** chun an mód coisí a fhágáil. |

# Bileog sonraí

| | Cicscútar leictreach Audi<br>Leagan i gcomhréir le StVZO (Rialacháin um Cheadúnú Tráchta Bóthair na Gearmáine) Leagan idirnáisiúnta |
|---|---|
| Luas uasta<br>Raon | 20 km/h I 25 km/h<br>Suas go 80 km* |
| Tréimhse luchtaithe<br>Ualach uasta | 100% i 5 uair an chloig & 30 nóim<br>120 kg |
| Meáchan na feithicle<br>Ualach iomlán uasta | 22.5 kg<br>142.5 kg |
| Cumhacht rátáilte<br>Cumhacht uasta | 500 vata<br>950 vata |
| Ceallra (ian-litiam)<br>Cumas ceallra (uas.) | 48 V 17.5 Ah<br>840 Wh |
| Méid an bhoinn<br>Aerbhrú (optamach) | Boinn neomatacha 10"<br>Barra 2.5 |
| Na coscáin | Coscáin diosca hiodrálacha 120-mm tosaigh agus cúil |
| Greim scóige<br>Soilsiú | Greim scóige ordóige<br>Comhtháite chun tosaigh agus ar chúl |
| Uiscedhíonacht<br>Méid nuair a fhilltear amach é | IPX5<br>117 x 62 x 130 cm |
| Uasmhéid an taistealaí<br>Íosmhéid an taistealaí | 2.0 m<br>1.4 m |
| Banda minicíochta<br>Cumhacht tras-seolta | 2.4 GHz<br>0 dBm |

*Rinneadh tástálacha raonta oibriúcháin i mód ECO le hualach 80 kg, ar dhromchla leibhéal, ag 20 km/u agus ag 25°C de theocht. Déanann na nithe seo a leanas difear don raon oibriúcháin: teocht, ualach, stíl taistil, mód taistil, srl.

| Symbol | Description |
|---|---|
| | Rabhadh |
| CE Made in PRC | Deimhniú CE |
| | Athchúrsáil an cheallra |
| | Trealamh in aicme chosanta II |
| | Níor cheart dramhaíl leictreach a dhiúscairt in éineacht le dramhaíl tí. Tabhair é chuig athchúrsálaí údaraithe. |
| IPX5 / IPX7 | IPX5 / IPX7 |
| | Voltas AC |
| | Voltas CC |
| | Chun an baol gortaithe a laghdú, moltar don úsáideoir lámhleabhar an úsáideora a léamh. |
| RoHS | Deimhniú RoHS |
| | Dóiteán P02, solas oscailte agus cosc ar chaitheamh tobac |
| | Ná caith! |
| | Coimeád tirim é |
| | Aire – sobhriste! |
| | An taobh seo suas! |
| | Sannadh UAP an luchtaire |
| T4.0A | Fiús luchtaithe 4-A |

# Deimhnithe

An Treoir um Shrianadh ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS): Comhlíonann an táirge seo ó Walberg Urban Electrics GmbH agus na codanna tionlacain (cáblaí, línte etc.) na ceanglais atá leagtha amach i dTreoir 2011/65/CE maidir le srian a chur le húsáid substaintí guaiseacha i dtrealamh leictreach agus leictreonach (Leasú RoHS nó RoHS 2).

## Eolas tábhachtach WEEE

**Eolas faoin gcomhshaol**

Faisnéis faoi dhiúscairt agus athchúrsáil WEEE: diúscairt cheart an táirge seo. Léiríonn an lipéad seo nár cheart an táirge seo a dhiúscairt in éineacht le dramhaíl tí eile san Aontas Eorpach. Chun damáiste féideartha don chomhshaol nó do shláinte an duine ó dhiúscairt dramhaíola neamhrialaithe a sheachaint, moltar duit an táirge seo a athchúrsáil agus tacú le hathúsáid inbhuanaithe acmhainní ábhartha. Chun do sheantáirge a thabhairt ar ais, bain úsáid as na córais aischuir agus bailiúcháin nó déan teagmháil leis an díoltóir ónar

cheannaigh tú an táirge. Is féidir leat an táirge seo a úsáid le haghaidh athchúrsála atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

**Faisnéis athchúrsála ceallraí don Aontas Eorpach**

**Eolas faoin gcomhshaol**

Déantar ceallraí nó pacáistíocht do cheallraí a lipéadú i gcomhréir le Treoir Eorpach 2006/66/CE agus leasú 2013/56/AE maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí agus taisc-cheallraí úsáidte. Leagtar amach sa Treoir sin na coinníollacha réime maidir le ceallraí agus taisc-cheallraí úsáidte a thabhairt ar ais agus a athchúrsáil i gcomhréir le húsáid san Aontas Eorpach. Úsáidtear an lipéad seo le haghaidh ceallraí éagsúla chun a chur in iúl nár cheart an ceallra a chaitheamh i leataobh ach go gcaithfear é a bhailiú le haghaidh athchúrsála ag deireadh a ré i gcomhréir leis an Treoir seo. I gcomhréir le Treoir Eorpach 2006/66/CE agus leasú 2013/56/AE, déantar ceallraí agus taisc-cheallraí a lipéadú lena léiriú go gcaithfear iad a bhailiú ar leithligh agus a athchúrsáil ag deireadh a ré. Féadfaidh siombail cheimiceach don mhiotal a úsáidtear sa cheallra (Pb do luaidhe, Hg do mhearcair agus Cd do chaidmiam) a bheith ar lipéad an cheallra freisin. Tá cosc ar úsáideoirí ceallraí agus taisc-cheallraí ceallraí agus taisc-cheallraí a dhiúscairt mar dhramhaíl tí gan sórtáil. Ina áit sin, ní mór ceallraí agus taisc-cheallraí úsáidte a aistriú chuig an ngréasán diúscartha atá ar fáil do chustaiméirí chun ceallraí agus taisc-cheallraí a thabhairt ar ais, a athchúrsáil agus a phróiseáil. Tá tábhacht le tiomantas an chustaiméara chun go n-íoslaghdófar gach tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceallraí agus taisc-cheallraí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine mar gheall ar na substaintí iontu a d'fhéadfadh a bheith guaiseach. Sula gcuirtear trealamh leictreach agus leictreonach (EEE) leis an sruth bailithe dramhaíola nó sula dtabharfar chuig saoráidí bailithe dramhaíola é, caithfidh úsáideoir deiridh trealaimh ina bhfuil ceallraí agus/nó taisc-cheallraí na ceallraí agus na taisc-cheallraí sin a bhaint as lena mbailiú ar leithligh.

# Trádmharc agus fógra dlíthiúil

Is trádmharc cláraithe é Egret de chuid Walberg Urban Electrics GmbH; is trádmharcanna de chuid Google Inc. iad Android agus Google Play; Is comhartha seirbhíse é App Store de chuid Apple Inc.; forchoimeádann úinéirí na dtrádmharcanna seo faoi seach na cearta i leith a dtrádmharcanna a luaitear sa treoir seo. Tá an scútar leictreach cosanta faoi na paitinní comhfhreagracha. Is féidir le Walberg Urban Electrics GmbH faisnéis phaitinne a sholáthar duit ar iarratas: info@my-egret.com.

Léiríonn na tuairiscí agus na treoracha atá sa lámhleabhar seo an t-eolas atá againn faoi láthair maidir le feidhmeanna agus airíonna an chicscútair nuair a priontáladh é. Féadfaidh na tréithe agus/nó an fhoirm nó an dearadh a bheith mar thoradh ar fheabhsuithe leanúnacha ar an bhfeithicil a bheith difriúil ó na cinn a bhfuil cur síos orthu sa lámhleabhar seo.

Chun an feidhmchlár a íoslódáil, tabhair cuairt ar an Apple App Store (iOS) nó ar Google Play Store (Android).

Tabhair faoi deara go bhfuil éagsúlachtaí i múnlaí éagsúla Egret ó thaobh na bhfeidhmeanna a thairgeann siad. Mar sin, ní bhaineann gach feidhm a thuairiscítear le gach múnla. Forchoimeádann Walberg Urban Electrics GmbH an ceart dearadh agus feidhmiúlacht an táirge agus na doiciméid a athrú gan fógra a thabhairt roimh ré.

2022 Walberg Urban Electrics GmbH. Gach ceart ar cosaint,

## Teagmháil

Téigh i dteagmháil le do dhíoltóir Audi nó monaróir Egret, Walberg Urban Electrics, má bhíonn aon cheist agat faoi do scútar leictreach nó má bhíonn aon fhadhb agat lena úsáid.

Walberg Urban Electrics GmbH, Alter Wandrahm 6, 20457 Hamburg, an Ghearmáin
Láithreán gréasáin: www.my-egret.com

Bíodh sraithuimhir do scútair leictrigh réidh i gcónaí agat nuair a dhéanann tú teagmháil le Egret. Is féidir leat an tsraithuimhir a fháil ar thaobh tosaigh clé na feithicle.

Is féidir an Dearbhú Comhréireachta a fháil ag: https://www.audi.de/de/brand/de/general-info/german.html#layer=/de/brand/de/general-info/german/audi-original-zubehoer.html

# Doiciméadú roghnach seirbhíse

**Uimhir aitheantais na feithicle**
(cuir isteach an uimhir i gcónaí) ........................................

**Seirbhís – 100 km.** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – 500 km** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an chéad bhliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an dara bliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an tríú bliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an ceathrú bliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an cúigiú bliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

**Seirbhís – an séú bliain** km: ______________

________________________________
Dáta, síniú, stampa an díoltóra:

# DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA AE

Tá an monaróir/dáileoir seo a leanas

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH**
**ALTER WANDRAHM 6**
**20457 HAMBURG**

freagrach as doiciméid theicniúla i gcomhréir leis an treoir maidir le hinnealra agus dearbhaíonn sé leis seo go bhfuil an táirge

| | |
|---|---|
| SCÚTAR LEICTREACH | **EGRET PRO**<br>**Volt 17.5 Ah** |
| Sraithuimhir | **WUE PR00 S2 xxxxxxxx**<br>**WUE PR01 S2 xxxxxxxx** |

i gcomhréir le forálacha ábhartha threoracha CE seo a leanas lena n-áirítear gach modhnú gaolmhar:

Treoir 2006/42/CE (maidir le hinnealra)
Treoir 2014/030/AE (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)
An Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha 2011/65/AE
Treoir maidir le Trealamh Raidió 2014/53/AE

Agus gur cuireadh na caighdeáin agus/nó na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas i bhfeidhm de réir mar is infheidhme

EN 14619:2019, EN 62133-2:2017, EN 17128:2020, EN 12100:2010

UN R10

Is é an monaróir amháin atá freagrach as an dearbhú comhréireachta seo a eisiúint

Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH, 20457 HAMBURG**

Florian Walberg, CEO
Hamburg, 01.06.2021

## DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA AE

Tá an monaróir/dáileoir seo a leanas

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH**
**ALTER WANDRAHM 6**
**20457 HAMBURG**

freagrach as doiciméid theicniúla agus dearbhaíonn sé leis seo go bhfuil an táirge

| | |
|---|---|
| LUCHTAIRE DO | **EGRET PRO** |
| Cinéal | Luchtaire caighdéanach **BC304546030** |

i gcomhréir le forálacha ábhartha threoracha CE seo a leanas lena n-áirítear gach modhnú gaolmhar:

Treoir 2014/030/AE (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)
Treoir an CE Ísealvoltais 2014/35/EU
An Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha 2011/65/AE

Agus gur cuireadh na caighdeáin agus/nó na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas i bhfeidhm de réir mar is infheidhme

EN 55014-1:2017, EN 55014-2:2015, EN 61000-3-2:2014, EN 61000-3-3:2013

EN 60335-2-29:2004/A11:2018, EN 60335-1:2012/A14:2019, EN 62233:2008

Is é an monaróir amháin atá freagrach as an dearbhú comhréireachta seo a eisiúint

Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH, 20457 HAMBURG**

Florian Walberg, CEO
Hamburg, 01.06.2021

Egret ist eine Marke der
Walberg Urban Electrics GmbH
GF: Florian Walberg
+49 (0) 40 320 270 80
Alter Wandrahm 6
20457 Hamburg
info@my-egret.com
www.my-egret.com

HAMBURG HRB 51557

VAT NR.: DE 154 162 969

WEEE-NR.: DE 26267406

Bankverbindung:
Commerzbank
IBAN:
DE59 2004 0000 0208 0901 00
BIC / SWIFT:
COBADEFFXXX

## DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA AE

Tá an monaróir/dáileoir seo a leanas

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH**
**ALTER WANDRAHM 6**
**20457 HAMBURG**

freagrach as doiciméid theicniúla agus dearbhaíonn sé leis seo go bhfuil an táirge

LUCHTAIRE DO
Cinéal

**EGRET PRO**
Luchtaire tapaidh **BC303480050**

i gcomhréir le forálacha ábhartha threoracha CE seo a leanas lena n-áirítear gach modhnú gaolmhar:

Treoir 2014/030/AE (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)
Treoir an CE Ísealvoltais 2014/35/EU
An Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha 2011/65/AE

Agus gur cuireadh na caighdeáin agus/nó na sonraíochtaí teicniúla seo a leanas i bhfeidhm de réir mar is infheidhme

EN 55014-1:2017/A11:2020, EN 55014-2:2015, EN IEC 61000-3-2:2019, EN 61000-3-3:2013/A1:2019

EN 60335-2-29:2004/A11:2018, EN 60335-1:2012/A2:2019, EN 62233:2008

Is é an monaróir amháin atá freagrach as an dearbhú comhréireachta seo a eisiúint

Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:

**WALBERG URBAN ELECTRICS GMBH, 20457 HAMBURG**

Florian Walberg, CEO
Hamburg, 01.06.2021


Egret ist eine Marke der
Walberg Urban Electrics GmbH
GF: Florian Walberg
+49 (0) 40 320 270 80
Alter Wandrahm 6
20457 Hamburg
info@my-egret.com
www.my-egret.com



HAMBURG HRB 51557

VAT NR.: DE 154 162 969

WEEE-NR.: DE 26267406

Bankverbindung:
Commerzbank
IBAN:
DE59 2004 0000 0208 0901 00
BIC / SWIFT:
COBADEFFXXX